SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Tuarascáil Bhliantúil Frithdhópála Spórt Éireann, 2025

# BUAICPHOINTÍ **2025**

## Oideachas Spóirt Ghlain

**60** Líon na Seisiún Oideachais ar an láthair nó ar líne a sholáthair Spórt Éireann, lenar tugadh tacaíocht do **1,697** lúthchleasaí agus do phearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe.

**27** Líon na Seisiún Oideach ais a sholáthair CNR, a chuir oideachas ar **2,276** lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe.

**4,325**
Líon na lúthchleasaithe agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe a rinne cúrsaí ríomhfhoghlama OFFD leis an nGníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (GDFD).

**4** Líon na seisiún for-rochtana um an Spórt Glan

## Eolaíocht agus Leigheas

**19,065**
Líon na gcuardach ar shuíomh gréasáin Medcheck de chuid Spórt Éireann

**9**
Líon na ndíolúintí i leith Úsáid Theiripeach ceadaithe

**331**
Líon na samplaí don Phas Bitheolaíoch Lúthchleasaí (PBL)

## Tástáil

**1,827**
Líon na samplaí a bailíodh

**26%**
Líon na samplaí a bailíodh le linn comórtais

**74%**
Líon na samplaí a bailíodh taobh amuigh de chomórtas

Bailíodh in
**31**
spórt éagsúil iad



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Brollach | 4 |
| Réamhrá | 5 |
| Sainmhínithe | 6 |
| Faisnéis Chúlra | 7 |
| Creat Rialachais | 9 |
| Oideachas Spóirt Ghlain | 12 |
| Eolaíocht agus Leigheas | 16 |
| Tástáil agus Oibríochtaí | 22 |
| Bainistiú Torthaí agus Faisnéis agus Imscrúduithe | 28 |

# Brollach

Tá an-áthas orm, mar Chathaoirleach eatramhach ar an gCoiste Frithdhópála, Tuarascáil Bhliantúil Frithdhópála Spórt Éireann, 2025 a chur i láthair. Tugtar tuairisc sa tuarascáil seo ar an obair iontach atá déanta ag an Aonad Frithdhópála le linn 2025. Tá Spórt Éireann fós ar thús cadhnaíochta sa chomhrac in aghaidh na dópála sa spórt.

Tugann an tuarascáil seo nuashonrú cuimsitheach ar na príomhghníomhaíochtaí agus forbairtí a rinneadh ar Chlár Frithdhópála Spórt Éireann le bliain féilire anuas.

Gabhaimid buíochas leis an bhfoireann frithdhópála, faoi stiúir Cólleen Devine, a lean dá cuid oibre crua, tiomantais agus dúthrachta chun Clár Frithdhópála Spórt Éireann a bhrú chun cinn. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin lenár bPearsanra Bailithe Samplaí agus lenár bPríomh-Oideoirí Spóirt Ghlain a oibríonn i gcomhar leis an Aonad Frithdhópála. Gabhaim buíochas freisin le hOifigigh Frithdhópála an Choiste Náisiúnta Rialaithe a leanann orthu ag treorú a gcuid spórt i dtreo an spóirt ghlain.

Thug roinnt Coistí a gcuid ama luachmhair freisin chun tacú leis an Aonad Frithdhópála chun Clár Frithdhópála Spórt Éireann a chur chun feidhme. Buíochas leis an Ollamh Seán Gaine, Cathaoirleach an Choiste um Dhíolúine i leith Úsáid Theiripeach agus le Michael Collins, SC, Cathaoirleach Phainéal Smachta Frithdhópála Spórt na hÉireann. Táimid buíoch freisin de chomhaltaí na gcoistí as a gcuid oibre agus as an méid a chuireann siad leis an gClár de shíor. Buíochas leis an gCoiste Neamhspleách Ainmniúchán freisin as an tacaíocht leanúnach a thugann siad dúinn.

Do mo chomhchomhaltaí den Choiste Frithdhópála, go raibh maith agaibh as bhur gcuid ama, tacaíochta agus ionchuir le bliain anuas. Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le Roger O'Connor as a cheannaireacht mar Chathaoirleach. Bhí an ról sin aige ar feadh cúig bliana agus d'éirigh sé as i mbliana.

Ar deireadh, is mór againn na lúthchleasaithe agus an pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe as a dtacaíocht dhílis don chlár frithdhópála agus as a dtiomantas leanúnach don spórt glan. Déanann an tAonad Frithdhópála ár gcuid oibre ar mhaithe le lúthchleasaithe glana a chosaint agus gabhaimid buíochas lenár lúthchleasaithe go léir a dhéanann ionadaíocht ar a spórt le macántacht agus ionracas i gcónaí.

Páraic Duffy

**Páraic Duffy**
Cathaoirleach Eatramhach, An Coiste Frithdhópála

# Réamhrá

Deirtear gurb é a dhéanann oideachas ná lasair a dhúiseacht, seachas soitheach a líonadh. Tá Spórt Éireann tiomanta an lasair sin a chothú, agus an spórt glan á chosaint againn.

D'oibrigh an tAonad Frithdhópála go dúthrachtach sa réimse sin in 2025, agus sholáthraíomar níos mó seisiúin oideachais ná riamh. Chuireamar 60 Seisiún Oideachais i gcrích, agus thug siad tacaíocht do 1,697 lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe.

Maidir leis na Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) a aithníonn Spórt Éireann, ár bpríomh-chomhpháirtithe sa chomhrac in aghaidh na dópála sa spórt, sholáthair siad 27 Seisiún Oideachais do 2,276 lúthchleasaí.

Ina theannta sin, rinne 4,325 lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe cúrsaí ríomhfhoghlama OFFD leis an nGníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (GDFD), agus rinne 4,945 lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe cúrsaí ríomhfhoghlama le CNR nó le Cónaidhm Idirnáisiúnta, ina measc clár ríomhfhoghlama CLG agus an modúl 'I Run Clean' le Lúthchleasaíocht na hEorpa.

Leanfaimid de chláir oideachais shaincheaptha agus acmhainní a fhorbairt agus a sholáthar dár bpríomhpháirtithe leasmhara go léir.

Lenár gcur chuige a thugann tús áite don oideachas, cinntítear go gcuirtear oideachas ar lúthchleasaithe faoi na prionsabail agus na próisis a bhaineann le rialú dópála, sula mbíonn orthu sampla a thabhairt. Lenár gcur chuige a thugann tús áite do lúthchleasaithe, cinntítear gur féidir le lucht spóirt barr a gcumais a bhaint amach agus tosaíocht a thabhairt dá sláinte choirp agus dá meabhairshláinte ag an am céanna. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach chun ionracas na feidhmíochta agus folláine an lúthchleasaí a chosaint.

Ba mhaith le Spórt Éireann aitheantas a thabhairt d'eitic oibre sármhaith agus d'ardchaighdeáin an Aonaid Frithdhópála in 2025.

Tá an tAonad Frithdhópála fós lántiomanta d'oideachas agus acmhainní a sholáthar atá inrochtana, praiticiúil agus saindeartha do riachtanais lúthchleasaithe agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe. Thugamar Lámhleabhar Spóirt Ghlain nua isteach in 2025, lámhleabhar a cruthaíodh i gcomhairle dhíreach le CNRanna chun faisnéis shoiléir agus inrochtana a chur ar fáil faoi raon ábhar tábhachtach a bhaineann le Spórt Glan.

Táimid fós ag cur clár tástála éifeachtach agus bunaithe ar ardcháilíocht ar fáil chun dópáil sa spórt a chomhrac. In 2025, bhailigh an tAonad Frithdhópála 1,827 sampla i 31 spórt éagsúil. Foilsíodh ceithre Shárú ar Rialacha Frithdhópála in 2025 agus tá trí chás fós le réiteach.

Neartaíodh ár n-iarrachtaí nuair a cuireadh bunachar sonraí nua chun feidhme agus nuair a ceannaíodh aonad tástála soghluaiste nua.

Cuid an-tábhachtach dár gcuid oibre is ea obair chrua agus dúthracht ár gcomhpháirtithe iontaofa sna CNRanna, i gCónaidhm Oilimpeach na hÉireann, i gCumann Parailimpeach na hÉireann, sa Choiste um Dhíolúine i leith Úsáid Theiripeach (CDÚT), sa Choiste Frithdhópála, agus ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, ina measc an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (GDFD). Neartóimid agus feabhsóimid na caidrimh sin sa bhliain amach romhainn.

Cé go ndearnadh dul chun cinn maith le bliain anuas, tá dúshláin romhainn fós. Táimid fós diongbháilte inár dtiomantas an spórt glan a chosaint agus luachanna an chomórtais a chosaint ar bhagairtí mar shampla na Cluichí Breisithe. Leanfaimid de sheasamh in éineacht leis an bpobal spóirt chun aghaidh a thabhairt ar na dainséir seo, chun ionracas an spóirt a chosaint agus chun folláine lúthchleasaithe a chothú.

**John Foley**
Cathaoirleach Spórt Éireann

**An Dr. Úna May**
Príomhfheidhmeannach

# Sainmhínithe

| | |
|---|---|
| PBL | Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí |
| CFD | An Coiste Frithdhópála |
| OFFD | Oideachas agus Foghlaim Frithdhópála |
| LFIFD | An Líonra Faisnéise agus Imscrúduithe Frithdhópála |
| OFD | Oifigeach Frithdhópála |
| SRFD | Sárú Rialach Frithdhópála |
| AFD | An tAonad Frithdhópála |
| ABPL | An tAonad um Bainistiú Pasanna Lúthchleasaithe |
| PTL | Pearsanra Tacaíochta do Lúthchleasaithe |
| FST | Fuilspota Triomaithe |
| ORD | Oifigeach Rialaithe Dópála |
| FAI | Cumann Peile na hÉireann |
| CLG | Cumann Lúthchleas Gael |
| LLC | Le Linn Comórtais |
| CI | Cónaidhm Idirnáisiúnta |
| IRFU | Cumann Rugbaí na hÉireann |
| PSFSÉ | Painéal Smachta Frithdhópála Spórt na hÉireann |
| CIO | Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Oideachas |
| CIDÚT | Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Díolúintí i leith Úsáid Theiripeach |
| GIT | An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Tástála |
| ENFD | An Eagraíocht Náisiúnta Frithdhópála |
| CNR | Coiste Náisiúnta Rialaithe |
| TAC | Taobh Amuigh de Chomórtas |
| SCT | Spriocghrúpa atá Cláraithe le haghaidh Tástála |
| PBS | Pearsanra Bailithe Samplaí |
| PDT | Plean Dáilte Tástála |
| DÚT | Díolúine i leith Úsáid Theiripeach |
| UNESCO | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir na Náisiún Aontaithe |
| GDFD | An Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála |

# Faisnéis Chúlra

## Físeanna an Chláir

### Tástáil

Clár tástála éifeachtach agus bunaithe ar ardcháilíocht a sholáthar.

### Oideachas Spóirt Ghlain

Forbairt agus soláthar chláir oideachais shaincheaptha agus acmhainní dár bpríomhpháirtithe leasmhara go léir a éascú.

### Taighde

Clár taighde fadtéarmach a bhunú a chuirfidh leis an taighde ar chúrsaí frithdhópála go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus a chuirfidh an taighde sin chun cinn.

### Idirnáisiúnta

Coinneáil ar an eolas faoin dea-chleachtas idirnáisiúnta agus comhoibriú le tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha.

### Oibríochtaí

Caighdeáin cháilíochta a fhorbairt agus a chothabháil lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta riaracháin ceart agus trédhearcach.




## Cúlra le Clár Frithdhópála Spórt Éireann

Faoin Acht um Spórt Éireann (2015), áirítear le feidhmeanna Spórt Éireann i ndáil le Frithdhópáil:

- caighdeáin dea-iompair, cothrom na féinne agus deireadh a chur le dópáil i spórt a éascú trí threoirlínte agus cóid chleachtais a eisiúint;
- cibé gníomh a mheasann Spórt Éireann is cuí a dhéanamh, lena n-áirítear tástáil a dhéanamh, d'fhonn dópáil sa spórt a chomhrac;
- cláir oideachais agus faisnéise maidir le dea-iompair, cothrom na féinne agus deireadh a chur le dópáil i spórt a phleanáil, a chur chun feidhme, agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu;
- ina cháil mar an Eagraíocht Náisiúnta Frithdhópála, bailiúchán samplaí a threorú, tástáil agus torthaí tástálacha a bhainistiú agus freastal ar éisteachtaí, de réir mar is gá.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún UNESCO in Aghaidh Dópála sa Spórt, lena gceanglaítear ar an rialtas Clár Náisiúnta Frithdhópála a chur chun feidhme, clár atá ag feidhmiú go hiomlán agus a chomhlíonann na hairteagail ábhartha go léir i gCód Frithdhópála an Domhain. Tá Cód Frithdhópála an Domhain fós ina bhunchloch den chomhrac domhanda in aghaidh dópála sa spórt. In Éirinn, léirítear agus cuirtear an cód seo chun feidhme leis na Rialacha Frithdhópála.

Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún in Aghaidh na Dópála de chuid Chomhairle na hEorpa go foirmiúil in 2003. Leagtar amach rialacha ceangailteacha sa Choinbhinsiún ag féachaint do rialacháin frithdhópála a chomhchuibhiú, go háirithe: é a dhéanamh níos deacra substaintí toirmiscthe amhail stéaróidigh anabalacha a fháil agus a úsáid; cabhrú le tástálacha frithdhópála a mhaoiniú; nasc a bhunú idir cur i bhfeidhm docht na rialacha frithdhópála agus fóirdheontais a bhronnadh ar eagraíochtaí spóirt nó ar lúthchleasaithe aonair; agus nósanna imeachta rialaithe dópála i rith comórtas agus taobh amuigh dóibh, lena n-áirítear i dtíortha eile.

# Creat Rialachais

## Coiste Frithdhópála Spórt Éireann

Is coiste comhairleach é Coiste Frithdhópála (CFD) Spórt Éireann a chuireann comhairle ar Bhord Spórt Éireann. Cuireann an CFD saintreoir ar fáil do Spórt Éireann agus tá a réimsí leathana saineolais féin ag na comhaltaí coiste go léir chun tacú leis an Aonad Frithdhópála (AFD).

**Tháinig an Coiste le chéile 3 huaire in 2025, agus ba iad na comhaltaí i gceist:**

| | |
|---|---|
| Roger O'Connor | Cathaoirleach (Eanáir go Meán Fómhair) |
| Páraic Duffy | Comhalta Boird (Cathaoirleach Eatramhach ó mhí Mheán Fómhair) |
| An Dr. Elizabeth Keane | Sláinte Phoiblí |
| David Gillick | Ionadaí Lúthchleasaithe |
| Ian Weir | Spórt Thuaisceart Éireann |
| An tOllamh Pat Murray | Cógaseolaíocht |
| Deirdre Duke | Ionadaí Spórt Foirne |

Rúnaíocht: Michael McNulty, Bainisteoir Cáilíochta agus Comhlíonta Frithdhópála.

## Coiste Neamhspleách Ainmniúchán

I mí Eanáir 2023, d'fhaomh Bord Spórt Éireann leasuithe ar nósanna imeachta Phainéal Smachta Frithdhópála Spórt na hÉireann, lenar áiríodh gurb é coiste neamhspleách ainmniúchán, a dhéanfaidh athbhreithniú ar iarratais, a dhéanfaidh aon cheapachán nua chuig an bPainéal Smachta, agus gurb é an coiste neamhspleách ainmniúchán a dhéanfaidh athnuachan ar cheapacháin.

**Is iad comhaltaí an Choiste Neamhspleách Ainmniúchán:**

| | |
|---|---|
| Cliodhna Guy | Cathaoirleach (Ceann Rialachais agus Dlí, Bord Rialála Rásaíochta Capall na hÉireann (IHRB)) |
| Hamish Coffey | Ionadaí Neamhspleách (Príomhoifigeach Oibriúcháin, Frithdhópáil na Ríochta Aontaithe) |
| Mike Earl | Ionadaí Neamhspleách (Stiúrthóir Frithdhópála, Rugbaí Domhanda) |

## Painéal Smachta Frithdhópála Spórt na hÉireann

Is painéal saineolaithe atá i bPainéal Smachta Frithdhópála Spórt na hÉireann (PSFSÉ) atá ar fáil chun cás nó achomharc a eascraíonn as Rialacha Frithdhópála na hÉireann a éisteacht agus a chinneadh. Tá de chumhacht ag an bpainéal a chinneadh cibé a rinneadh nó nach ndearnadh Sárú Rialach Frithdhópála (SRFD) agus/nó na hiarmhairtí atá le forchur de bhun na rialacha maidir le SRFD a fuarthas a rinneadh.

**Ba iad comhaltaí Phainéal Smachta Frithdhópála Spórt na hÉireann in 2025:**

| | |
|---|---|
| Michael Collins | Cathaoirleach |
| Helen Kilroy | Leas-Chathaoirleach |
| Rory McCabe | Leas-Chathaoirleach |
| Hugh O'Neill | Leas-Chathaoirleach |
| An Breitheamh Fidelma Macken | Leas-Chathaoirleach |
| Liz Howard | Ionadaí Riaracháin |
| An Dr. Mary O'Flynn Flannery | Ionadaí Leighis |
| An Dr. Colm Ó Móráin | Ionadaí Leighis |
| An Dr. Pat O'Neill | Ionadaí Leighis |
| An Dr. Denis Cusack | Ionadaí Leighis |
| An Dr. Rachel Cullivan | Ionadaí Leighis |

## An Coiste um Dhíolúine i leith Úsáid Theiripeach (CDÚT)

I gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála (GDFD) maidir le Díolúintí i leith Úsáid Theiripeach, breithníonn CDÚT Spórt Éireann iarratais ar DÚT do lúthchleasaithe Éireannacha.

**Ba iad comhaltaí an Choiste um Dhíolúine i leith Úsáid Theiripeach in 2025:**

| | |
|---|---|
| An tOllamh Seán Gaine | Cathaoirleach (Riospráide) |
| An Dr. James Gibney | Ionadaí Leighis (Inchríneolaíocht) |
| An tOllamh Stephen Lane | Ionadaí Leighis (Riospráide) |
| An Dr. Philip Murphy | Ionadaí Leighis (Haemaiteolaíocht) |
| An tOllamh Sinéad Harney | Ionadaí Leighis (Réamaiteolaíocht) |
| An Dr. Catherine McGorrian | Ionadaí Leighis (Cairdeolaíocht) |
| An tOllamh Seamus Morris | Ionadaí Leighis (Ortaipéidic) |

## An Fhoireann Feidhmiúcháin

| | |
|---|---|
| Cólleen Devine | Stiúrthóir Frithdhópála (Eanáir - Samhain 2025) |
| Siobhán Leonard | Stiúrthóir Frithdhópála (Samhain 2025) |
| Melissa Morgan | Bainisteoir Tástála agus Cáilíochta Frithdhópála |
| Michael McNulty | Bainisteoir Cáilíochta agus Comhlíonta Frithdhópála |
| Paul O'Donovan | Bainisteoir Oideachais agus Luachanna Frithdhópála (Eanáir - Márta 2025) |
| Elaine Cahill | Ardoifigeach Feidhmiúcháin Oideachais Frithdhópála |
| Michael Heffernan | Oifigeach Faisnéise agus Imscrúduithe |
| Áine Hollywood | Oifigeach Eolaíochta |
| Holly Murray | Feidhmeannach Frithdhópála |
| Lee Fanning | Feidhmeannach Frithdhópála |
| Carrie O'Keeffe | Feidhmeannach Oideachais Frithdhópála |

**Sonraí Teagmhála**

Spórt Éireann, An Clós, Campas Spórt Éireann, Bóthar Snugborough,
Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 PN0N, Éire.

Fón: +353-1-860 8800
Suíomh Gréasáin: www.sportireland.ie/antidoping
Ríomhphost: antidoping@sportireland.ie



# Oideachas Spóirt Ghlain



## 60

Seisiúin Oideachais ar an láthair nó ar líne a sholáthair Spórt Éireann, lenar tugadh tacaíocht do 1,697 lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe.

## 27

Seisiúin Oideachais a sholáthair CNR, a chuir oideachas ar 2,276 lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe.

## 4

Seisiúin For-rochtana um an Spórt Glan

## 4,325

Rinne na lúthchleasaithe pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe cúrsaí ríomhfhoghlama san Oideachas agus Foghlaim Frithdhópála (OFFD) le GDFD.

## 4,945

Rinne lúthchleasaithe agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe cúrsa ríomhfhoghlama le CNR nó leis an gCónaidhm Idirnáisiúnta, ina measc clár ríomhfhoghlama CLG agus an modúl 'I Run Clean' le Lúthchleasaíocht na hEorpa.



## Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Oideachas (CIO)

Is éard atá sa Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Oideachas (CIO) ná Caighdeán Idirnáisiúnta éigeantach a forbraíodh mar chuid den Chlár Domhanda Frithdhópála. Is é cuspóir an CIO ná tacú le spiorad an spóirt a chaomhnú agus cabhrú le timpeallacht spóirt ghlain a chothú. An CIO a threoraíonn clár oideachais Spórt Éireann agus a thacaíonn leis.

Tá an AFD ag infheistiú go leanúnach sa spórt glan trí chur chuige lena dtugtar tús áite don oideachas, rud a chinntíonn go gcuirtear oideachas ar lúthchleasaí faoi phrionsabail agus próisis an rialaithe dópála sula n-iarrtar orthu sampla a thabhairt. Déantar é sin le ceardlanna faoin spórt glan, oideachas ar líne, imeachtaí for-rochtana agus an Lámhleabhar Spóirt Ghlain nua a tugadh isteach. Tá an AFD fós lántiomanta d'oideachas agus acmhainní a sholáthar atá inrochtana, praiticiúil agus saindeartha do riachtanais lúthchleasaithe agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe.

## Pointí Teagmhála Oideachais agus Ríomhfhoghlaim

In 2025, soláthraíodh 60 seisiún oideachais, i bhformáidí ar an láthair agus ar líne, lenar tugadh tacaíocht do 1,697 lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe. Bhí lúthchleasaithe ardfheidhmíochta, lúthchleasaithe ar chonairí forbartha, mic léinn tríú leibhéal, gairmithe leighis agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe rannpháirteach sna seisiúin sin.

Ina theannta sin, sholáthair CNRanna 27 seisiún lenar cuireadh oideachas ar 2,276 lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe eile.

Tríd an bhfeidhm ríomhfhoghlama OFFD de chuid na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála (GDFD), tugadh deimhnithe do 4,325 úsáideoir gur thug siad oideachas ar líne i gcrích in 2025. Is méadú 140% é sin ar 2024 tar éis na húsáideoirí go léir a threorú go straitéiseach go dtí ardán OFFD GDFD. Tháinig méadú 23% ar an líon iomlán úsáideoirí ríomhfhoghlama idir 2024 agus 2025.

**Is féidir roinnt modúl a dhéanamh agus ba iad na hocht gcúrsa is mó a tugadh chun críche:**

| | |
|---|---|
| Treoir do Lúthchleasaithe maidir le Cód 2021 | 1,636 |
| OFFD do Lúthchleasaithe ar an Leibhéal Náisiúnta | 872 |
| OFFD do Lúthchleasaithe ar an Leibhéal Idirnáisiúnta | 850 |
| Treoir do Phearsanra Tacaíochta do Lúthchleasaithe maidir le Cód 2021 | 283 |
| OFFD do Chóitseálaithe Ardfheidhmíochta | 218 |
| Cúrsa Athnuachana OFFD do Lúthchleasaithe ar an Leibhéal Náisiúnta | 101 |
| OFFD do Lúthchleasaithe Óga | 78 |
| Cúrsa Athnuachana OFFD do Lúthchleasaithe ar an Leibhéal Idirnáisiúnta | 55 |

Chun dúbailt nach bhfuil gá léi a sheachaint, déantar oideachas atá déanta cheana féin agus ceanglais foghlama eile um an spórt glan a chur san áireamh nuair is cuí. Sa chomhthéacs seo, tá áthas ar an AFD a thuairisciú go ndearna 4,945 lúthchleasaí agus pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe cúrsaí ríomhfhoghlama eile le CNR nó le Cónaidhmeanna Idirnáisiúnta, mar shampla clár ríomhfhoghlama CLG nó an modúl 'I Run Clean' de chuid Lúthchleasaíocht na hEorpa.

## Imeachtaí For-rochtana

Cuireann imeachtaí for-rochtana spóirt ghlain deiseanna rannpháirteachais duine le duine ar fáil ag comórtais, campaí traenála agus mórimeachtaí spóirt. Tugann na himeachtaí idirghníomhacha seo deiseanna do lúthchleasaithe, pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe agus an pobal i gcoitinne ceisteanna a chur, a gcuid eolais a thástáil agus teacht ar fhaisnéis phraiticiúil faoi rialacha agus freagrachtaí frithdhópála i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil agus thacúil.

Cuireann imeachtaí for-rochtana le seisiúin oideachais fhoirmiúla trí phríomhtheachtaireachtaí a atreisiú, trí infheictheacht an Spóirt Ghlain a mhéadú agus trína chinntiú go mothaíonn lúthchleasaithe muiníneach agus iad ag dul tríd an gcóras frithdhópála. D'fhreastail Spórt Éireann ar 4 sheisiún for-rochtana in 2025, ina measc Craobhchomórtais Náisiúnta Dornálaíochta na nÓgánach Sinsearach, Craobhchomórtais Phara-Tréantógála, Craobhchomórtais Dornálaíochta Faoi 19 agus Craobhchomórtais Dornálaíochta Faoi 23.

## Laethanta Institiúidí Spórt Éireann

Reáchtáil an fhoireann um Oideachas Spóirt Ghlain seisiúin mhíosúla seiceáil isteach ag Institiúid Spórt Éireann i rith 2025 sa limistéar ainmnithe- don Fhrithdhópáil. Cuireadh tús leis na seisiúin seiceáil isteach sin mar sheirbhís tacaíochta réamhghníomhach agus phraiticiúil- do lúthchleasaithe agus do phearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe, a chuireann pointe teagmhála seasmhach ar fáil do cheisteanna ginearálta faoin spórt glan agus treoir faoi cá háit a bhfuil an lúthchleasaí, chomh maith le tacaíocht do lúthchleasaithe. Ós rud é go raibh an fhoireann i láthair go tráthrialta, chuir na lúthchleasaithe aithne orthu agus cothaíodh caidreamh leo, agus mar sin bhí a fhios ag na lúthchleasaithe cá háit le dul chun comhairle iontaofa a fháil. D'fhág an cur chuige sin go rabhamar níos feiceálaí i dtimpeallacht na hInstitiúide agus neartaigh sé ár dtiomantas d'oideachas inrochtana a dhíríonn ar an- lúthchleasaí.

## Oideoirí an Spóirt Ghlain

Gné thábhachtach den Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Oideachas (CIO) is ea spriocghrúpa oideoirí cáilithe a fhorbairt, i.e. daoine oilte atá freagrach as oideachas spóirt ghlain a sholáthar. Tá ról ríthábhachtach ag an spriocghrúpa oideoirí lena chinntiú go bhfuil oideachas spóirt ghlain spéisiúil, inchreidte agus ag teacht le sprioc níos leithne na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála (GDFD) maidir le spórt glan a chur chun cinn.

**Príomh-Oideoirí Spóirt Éireann**
I rith 2024, chuir Spórt Éireann oiliúint ar 5 Phríomh-Oideoir agus thug creidiúnú dóibh le go dtabharfaidh siad cúnamh le seisiúin oideachais Spóirt Ghlain a sholáthar. Bhí ról ríthábhachtach ag na 5 Phríomh-Oideoir chun seisiúin oideachais a sholáthar in 2025 agus bhíothas in ann líon níos mó seisiún a reáchtáil a bhuíochas leo.

**Oideoirí CNR**
Mhéadaíomar ár spriocghrúpa oideoirí in 2025 nuair a cuireadh oiliúint ar 40 Oideoir Spóirt Ghlain CNR chun oideachas spóirt ghlain a sholáthar ina gcuid eagraíochtaí. Cinntíonn sé sin go bhfuil oideoirí tiomnaithe agus eolasacha ag CNRanna atá in ann seisiúin saincheaptha a sholáthar dá lucht féachana a léiríonn na dálaí agus rioscaí sonracha ina spórt féin.

Ina theannta sin, d'fhreastail 13 oideoir a fuair oiliúint roimhe sin ar sheisiún uasoiliúna chun an t-eolas is déanaí i gcúrsaí an Spóirt Ghlain a fháil agus chun a scileanna éascaíochta a bheachtú tuilleadh. Tacaíonn an fhorbairt ghairmiúil leanúnach sin le caighdeán oideachais comhsheasmhach agus ardcháilíochta ar feadh an líonra oideoirí.


Chun an líonra oideoirí a neartú tuilleadh, bunaíodh an Mol Oideoirí Spóirt Ghlain mar ardán lárnach don chumarsáid, don chomhoibriú agus don fhoghlaim leanúnach. Cuireann an Mol ar chumas oideoirí teacht ar acmhainní nuashonraithe, treoir a fháil faoi shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus taithí ar sheisiúin oideachais a roinnt. Tá ról tábhachtach aige maidir le comhsheasmhacht, cáilíocht agus freagrúlacht a chothú i ngach réimse den Oideachas Spóirt Ghlain.

## Acmhainní Spóirt Ghlain

Díríodh go mór in 2025 ar Acmhainní Spóirt Ghlain a leathnú amach agus a chur in oiriúint chun spriocluchta níos fairsinge a aimsiú. Shainaithin CNRanna gá le grafaic eolais shaincheaptha agus réidh le húsáid a phléann le ceisteanna coitianta ó lúthchleasaithe agus ó phearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe.

Mar fhreagairt air sin, forbraíodh an Lámhleabhar Spóirt Ghlain. Tá an acmhainn seo, a cruthaíodh i gcomhairle dhíreach le CNRanna, comhdhéanta de 13 ghrafaic eolais agus treoir a bhaineann go sonrach le Spórt Glan. Is féidir na hábhair sin a chur in oiriúint do CNRanna nó clubanna ach a mbrandáil féin a chur orthu agus tá siad ullmhaithe chun faisnéis shoiléir agus inrochtana a chur ar fáil i raon ábhar a bhaineann le Spórt Glan. Is féidir na hacmhainní sin a roinnt le baill, a chur ar taispeáint i gclubanna, a leabú ar shuíomhanna gréasáin nó a úsáid i seisiúin oideachais. Tá siad le fáil ar ár suíomh gréasáin.






# Eolaíocht agus Leigheas



## BUAICPHOINTÍ

**19,065**

Cuardach ar shuíomh gréasáin Medcheck de chuid Spórt Éireann

**9**

Díolúine i leith Úsáid Theiripeach ceadaithe

**331**

Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí (PBL) samplaí

## Medcheck

Is seirbhís ar líne é Medcheck arna sholáthar ag Spórt Éireann. Ligeann sé do lúthchleasaithe, pearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe agus aon pháirtithe leasmhara eile an stádas sa spórt atá ag táirgí leighis a cheannaítear i bPoblacht na hÉireann a sheiceáil in aghaidh liosta nithe toirmiscthe GDFD. Déantar an liosta a nuashonrú go tráthrialta le cógais leighis atá nua ar an margadh agus le cógais leighis nach bhfuil fáil orthu níos mó.


Trí fhaisnéis chruinn agus áisiúil a chur ar fáil do lúthchleasaithe agus do phearsanra tacaíochta do lúthchleasaithe, tá an fhaisnéis is gá chun seasamh le spórt glan á cur ar fáil dóibh ag Spórt Éireann.

### Tábla 1 - Na táirgí aonair is mó a chuardaítear

| Aicmiú 2025 (2024) | Ainm an Chógais | Líon na n-uaireanta a cuardaíodh iad 2025 (2024) | Cad é an cógas? | Stádas dlí |
|---|---|---|---|---|
| **Cógais thar an gcuntar (líon iomlán na gcuardach ar éirigh leo)** | | | | |
| **1** (5) | Lemsip Max Sinus & Flu (Hot Lemon) Powder for Oral Solution | **358** (301) | Cógas ina bhfuil hidreaclóiríd súideifidrín agus paraicéiteamól chun siomptóim phlúchta, shlaghdáin agus fliú a mhaolú | Cógaslann agus sin amháin |
| **2** (2) | Nurofen Cold and Flu Tablets | **357** (369) | Táirge bunaithe ar iobúpróifein le haghaidh slaghdán agus fliú | Cógaslann agus sin amháin |
| **3** (3) | Lemsip Max Cold and Flu, Powder for Oral Solution | **337** (337) | Paraicéiteamól mar thuaslagán béil chun siomptóim a bhaineann le slaghdán nó fliú a mhaolú | Díolachán Ginearálta agus Cógaslann agus sin amháin, ag brath ar mhéid an phacáiste |
| **4** (1) | Sudafed | **322** (394) | Súideifidrín ina bhfuil cógas chun siomptóim plúchta, slaghdáin agus fliú a mhaolú | Cógaslann agus sin amháin |
| **5** (10) | Lemsip Max Cough & Cold, Powder for Oral Solution | **311** (211) | Cógas leighis ina bhfuil paraicéiteamól agus guaidhfeineisin, mar thuaslagán béil chun siomptóim a bhaineann le slaghdán agus fliú a mhaolú | Díolachán Ginearálta agus Cógaslann agus sin amháin, ag brath ar mhéid an phacáiste |
| **Cógais ar oideas amháin (líon iomlán cuardach ar éirigh leo)** | | | | |
| **1** (1) | Ventolin Evohaler | **361** (370) | análóir ina bhfuil béite2-agónaí (salbútamól) chun cóireáil agus cosc a chur ar bhroncaifhreanga mar thoradh ar asma agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach | Ar oideas amháin |
| **2** (2) | Deltacortril Enteric | **175** (226) | Glúcacortacóideach a úsáidtear chun cóireáil a chur ar raon leathan riochtaí lena n-áirítear ailléirgí, riochtaí athlastacha lena n-áirítear neamhord matánchnámharlaigh, neamhord uath-imdhíonachta agus riochtaí eile | Ar oideas amháin |
| **3** (4) | Symbicort 200/6 Turbohaler | **166** (121) | Análóir ina bhfuil béite 2-agónaí (formótaról) agus glúcacortacóideach (búidésóiníd) a úsáidtear chun cóireáil a chur ar asma agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach | Ar oideas amháin |
| **4** (3) | Vimovo 500mg/20mg, táibléid le scaoileadh modhnaithe | **138** (125) | Táibléid le scaoileadh modhnaithe ina bhfuil frith-athlastach (napraicséin) agus cosantóir boilg (éisimeaprasól) a úsáidtear chun cóireáil a chur ar riochtaí amhail oisté-airtríteas. | Ar oideas amháin |
| **=5** (17) | Nebido 1000mg/4ml, tuaslagán lena instealladh | **85** (50) | Tuaslagán lena instealladh ina bhfuil téististéarón, a úsáidtear i dteiripe athchurtha téististéaróin | Ar oideas amháin |
| **=5** (5) | Táibléid Ritalin | **85** (108) | Táibléid ina bhfuil meitilfeanadáit a úsáidtear chun cóireáil a chur ar Neamhord an Easnaimh Airde agus na Hipirghníomhaíochta | Ar oideas amháin |

### Tábla 2 - Na raonta táirgí íocshláinte ba mhó a cuardaíodh

| Branda | Cineálacha táirgí sa raon | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon iomlán | 19065 | 19537 | 16333 | 16319 | 11821 | 9026 |
| **Cógais thar an gcuntar (% de chuardaigh ar éirigh leo)** | | | | | | | |
| **Lemsip** | Raon táirgí bunaithe ar pharaicéiteamól chun siomptóim plúchta, slaghdán, fliú agus casachtaí a mhaolú | 6.2% | 10.2% | 8% | 10.41% | 8.7% | 8.2% |
| **Nurofen** | Táirgí frith-athlastacha bunaithe ar iobúpróifein le haghaidh slaghdán agus fliú | 6.9% | 8.4% | 9.6% | 12.68% | 13.1% | 7.8% |
| **Panadol** | Raon táirgí bunaithe ar pharaicéiteamól chun faoiseamh ó phian a thabhairt agus chun siomptóim slaghdán agus fliú a mhaolú | 4.6% | 4.7% | 4.2% | 4.22% | 4.3% | 2.8% |
| **Sudafed** | Cógais ina bhfuil hidreaclóiríd súideifidrín chun siomptóim phlúchta, shlaghdáin agus fliú a mhaolú | 1.2% | 3.2% | 3% | 4.15% | ^ | ^ |
| **Táirgí ar oideas (% de chuardaigh ar éirigh leo)** | | | | | | | |
| **Branda** | **Aicme theiripeach** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** |
| **Ventolin** | Béite2-agónaí, táirgí a análaítear go príomha | 0.7% | 2.54% | 2.31% | 1.86% | 2.8% | 3.2% |



## Díolúintí i leith Úsáid Theiripeach (DÚT)

I gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta GDFD maidir le Díolúintí i leith Úsáid Theiripeach (CIDÚT), breithníonn Coiste DÚT Spórt Éireann iarratais ar Dhíolúintí i leith Úsáid Theiripeach do lúthchleasaithe Éireannacha. Tugann DÚT cead do lúthchleasaí úsáid a bhaint as substaint nó modh toirmiscthe atá ar Liosta GDFD de Nithe Toirmiscthe ar chúiseanna teiripeacha/leighis, faoi réir ag coinníollacha áirithe sainithe. Is féidir le lúthchleasaithe iarratas a dhéanamh ar DÚT chuig Spórt Éireann nó, i gcás lúthchleasaí ar an leibhéal idirnáisiúnta, tríd an gCónaidhm Idirnáisiúnta. Ionas gur féidir faomhadh DÚT a dheonú, caithfidh riocht sláinte dea-dhoiciméadaithe, le tacaíocht ó shonraí leighis ábhartha agus iontaofa, a bheith ag an lúthchleasaí.

Rinneadh ceithre (4) iarratas bailí réamh-thástála ar DÚT chuig Spórt Éireann in 2025; d'fhaomh an Coiste DÚT iad ar chomhad leighis cuí agus cothrom le dáta a fháil.

Ina theannta sin, faomhadh cúig (5) iarratas shiarghabhálacha ar DÚT ar chomhaid leighis bhailí a fháil. Tarlaíonn sé sin nuair atá tástáil déanta ag Spórt Éireann ar lúthchleasaí agus nuair a chuirtear iarratas ar DÚT ar aghaidh chuig an gCoiste DÚT ansin lena hathbhreithniú.

Fuair Spórt Éireann 25 iarratas neamh-DÚT.  Bhain siad sin le lúthchleasaithe nár theastaigh DÚT ionchasach uathu nó i gcás nach raibh toirmeasc ar na cógais sa spórt. Cuireadh comhairle ar na lúthchleasaithe sin maidir le comhad leighis a ullmhú dá mbeadh ceann ag teastáil.





# Eolaíocht

Is gné ríthábhachtach de chomórtas glan a chur chun cinn í an eolaíocht, chun nuálaíocht a thabhairt chun cinn agus chun tacú le cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise. Ag Spórt Éireann, treoraíonn an eolaíocht straitéisí oideachais, tástáil agus oibríochtaí bainistíochta torthaí. Baineann an AFD úsáid as uirlisí éagsúla lena chinntiú go gcuirtear clár tástála éifeachtach i bhfeidhm:

## Plean Dáilte Tástála (PDT)

Leagtar amach an leithdháileadh samplaí le bailiú sna spóirt ábhartha sa Phlean Dáilte Tástála (PDT) bliantúil. Breithnítear dhá rud agus an PDT á ullmhú, mar seo a leanas:

1. **Anailís ar Rioscaí:** déanta le haghaidh gach spórt agus disciplín. Áirítear leis na critéir a úsáidtear don anailís ar rioscaí: na héilimh fhisiciúla a bhaineann leis an spórt/disciplín, éifeachtaí a d'fhéadfadh an dópáil cur le feidhmiú sa spórt/disciplín, cúiteamh/dreasachtaí a bheith ar fáil, stair na dópála sa spórt/disciplín, taighde ar threochtaí dópála, faisnéis/eolas faighte, an pointe le linn a ngairme a mbainfeadh lúthchleasaí an tairbhe is mó as dópáil, an t-am den bhliain ina mbainfeadh lúthchleasaí an tairbhe is fearr as dópáil agus torthaí PDTanna roimhe seo.
2. **Leithdháileadh:** is iad toradh na hanailíse ar rioscaí agus an líon lúthchleasaithe SCT le haghaidh gach spórt a chinneann na samplaí a leithdháiltear ar gach spórt.

## Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí

Leis an gclár Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí (PBL), déantar bithchomharthaí sóirt sonracha i samplaí fuail agus fola a rianú le himeacht ama, rud atá in ann éifeachtaí dópála ar an gcorp a léiriú go hindíreach. Cuireann an clár PBL ar chumas Spórt Éireann próifílí sonraí aonair, fadtéarmacha a chruthú do gach lúthchleasaí, rud a fhágann gur féidir aon mhírialtacht a bhrath a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go bhfuil substaintí nó modhanna a chuireann le feidhmiú á n-úsáid. Tacaíonn na sonraí sin le tástáil thraidisiúnta frithdhópála spriocdhírithe a dhéanamh ar lúthchleasaithe a thaispeánann patrúin mhínormálta, agus fianaise luachmhar a chur ar fáil ag an am céanna i gcás sáruithe ar rialacha frithdhópála. Bailíonn Spórt Éireann samplaí don Mhodúl Haemaiteolaíochta, don Mhodúl Stéaróidigh Fuail, agus don Mhodúl Stéaróidigh Fola den PBL.

**Tábla 3 - Samplaí Fola PBL a bhailigh Spórt Éireann in 2025**

| Spórt | Líon na samplaí (Fola) PBL a bailíodh |
|---|---|
| Lúthchleasaíocht | 96 |
| Dornálaíocht | 3 |
| Canúáil | 3 |
| Rothaíocht | 51 |
| Para-Lúthchleasaíocht | 8 |
| Para-Snámh | 8 |
| Rámhaíocht | 92 |
| Snámh | 46 |
| Trí-Atlan Éireann | 24 |
| **Líon iomlán** | **331** |

## An Modúl Stéaróidigh Fola den PBL

In 2025, thosaigh Spórt Éireann ag bailiú samplaí don Mhodúl Stéaróidigh Fola den PBL. Tá sé mar aidhm ag an modúl seo sonraí a ghiniúint chun na sonraí fadaimseartha ó shamplaí fuail a chomhlánú. Tá an Modúl Stéaróidigh Fola comhdhéanta de phríomh-mharcóir amháin, an cóimheas Téististéaróin/ Andraistéindé-óin (T/A4). Tá sé léirithe ag staidéir go bhfuil T/A4 íogair do théististéarón a bheith á úsáid go trasdeirmeach, go háirithe i gcás lúthchleasaithe a bhfuil leibhéal íseal stéaróidigh ina gcuid fuail. Bailítear samplaí don Mhodúl Stéaróidigh Fola le samplaí séiream fola.

## Tástáil Fuilspota Triomaithe

In 2025, lean AFD Spórt Éireann de shamplaí Fuilspota Triomaithe (FST) a bhailiú. Is modh tástála nuálach í Tástáil Fuilspota Triomaithe (FST) lena mbailítear cúpla braon fola ó bharr méire nó ó uachtar lámh lúthchleasaí. Is modh tástála breise é a cheadaigh an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála. Is é an gléas bailithe a úsáideann Spórt Éireann le haghaidh FST an TASSO M20 agus is é InnoVero a chuireann na huirlisí iompair ar fáil.

## Aonad um Bainistiú Pasanna Lúthchleasaithe (ABPL)

Is aonad tiomnaithe é ABPL atá freagrach as athbhreithniú agus bainistiú tráthúil a dhéanamh ar shamplaí agus pasanna bitheolaíocha uile lúthchleasaithe. Caithfidh saotharlann atá creidiúnaithe ag GDFD an ABPL a óstáil go neamhspleách. In 2025, lean Spórt Éireann ar aghaidh ag úsáid an ABPL Nordach, arna óstáil ag Saotharlann Osló, chun pasanna fola a bhainistiú, agus Saotharlann Cologne chun pasanna stéaróideacha a bhainistiú. Cuireann an ABPL comhairle ar an AFD agus tugann sé tacaíocht dó chun an PBL a bhainistiú. Déanann an ABPL measúnú ar na nithe a leanas agus tugann moltaí ina leith; bailíocht samplaí, tástáil leantach agus spriocthástáil, anailís bhreise, athbhreithnithe ag saineolaithe a chomhordú. Tugann sé comhairle maidir le tosaíochtaí agus straitéisí chun éifeachtúlacht an chláir PBL a bharrfheabhsú freisin.

## Stóráil agus Ath-anailís Fhadtéarmach

Tá Straitéis maidir le Samplaí a Choinneáil agus Ath-anailís a dhéanamh orthu á cur i bhfeidhm ag an AFD. Faoi Chód GDFD, ceadaítear samplaí a stóráil ar feadh tréimhse suas le 10 mbliana agus ceadaítear anailís shiarghabhálach a dhéanamh agus tairbhe á baint as dul chun cinn teicniúil ar mhodhanna braite agus as forbairt ar fhaisnéis bhreise faoi shamplaí den sórt sin. Leis an dul chun cinn atá déanta ar mhodhanna anailíseacha le blianta beaga anuas, chomh maith leis na Doiciméid Theicniúla nua atá tugtha isteach ag GDFD, tá deis ag Spórt Éireann anailís shiarghabhálach a dhéanamh ar shamplaí stóráilte roghnaithe le haghaidh substaintí nach rabhthas in ann iad a bhrath tráth a mbailithe.

**Tábla 4 - Samplaí a Cuireadh i Stóráil Fhadtéarmach 2025**

| Cineál Sampla | Líon a Cuireadh Leis in 2025 |
|---|---|
| Fual | 70 |
| Fuil | 23 |
| Fuilspota Triomaithe | 3 |
| **Líon iomlán** | **96** |

## Taighde

In 2024, rinne Spórt Éireann tionscadal taighde a pháirtmhaoiniú i gcomhar leis an Institute of Biochemistry, Center for Preventive Doping Research, German Sport University Cologne. "Detection of the GH analogue somatrogon in doping control urine samples by means of LC-HRMS/MS" an teideal atá ar an tionscadal. Foilsíodh torthaí an tionscadail in 2025.

# Tástáil & Oibríochtaí

**1,827**

Sampla bailithe

**26%**

Le Linn Comórtais samplaí

**74%**

Taobh Amuigh de Chomórtas samplaí

Bailíodh samplaí i

**31**

spórt éagsúil

Tuairiscíonn Spórt Éireann figiúirí tástála de réir an líon samplaí fuail, séiream fola, Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí (PBL) fola agus Fuilspota Triomaithe (FST) a bhailítear, seachas an líon tástálacha fuail agus fola a dhéantar.



**Tábla 5 - Staitisticí Tástála an Chláir Náisiúnta, le Miondealú LLC agus TAC**

| Cineál Sampla | Líon samplaí |
|---|---|
| Le Linn Comórtais: Fual | 407 |
| Le Linn Comórtais: PBL Fola | 4 |
| Taobh Amuigh de Chomórtas: Fual | 813 |
| Taobh Amuigh de Chomórtas: PBL Fola | 327 |
| Séiream Fola | 169 |
| Fuilspota Triomaithe | 107 |
| **Líon Iomlán Samplaí:** | **1827** |

### Tábla 6 - Staitisticí Tástála an Chláir Náisiúnta - anailís de réir an spóirt

| COISTE NÁISIÚNTA RIALAITHE | FUAL LLC | FUAL TAC | FUIL | PBL TAC | PBL LLC | FST | LÍON IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Peil Mheiriceánach Éireann | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | **6** |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | 39 | 115 | 28 | 95 | 1 | 6 | **284** |
| Cumann Badmantain na hÉireann | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **5** |
| Cumann Cispheile na hÉireann | 8 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **8** |
| Cumann Dornálaíochta na hÉireann | 10 | 56 | 7 | 3 | 0 | 4 | **80** |
| Aontas Canúála na hÉireann | 4 | 20 | 2 | 3 | 0 | 0 | **29** |
| Cruicéad Éireann | 16 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **16** |
| Rothaíocht Éireann | 42 | 54 | 20 | 51 | 0 | 8 | **175** |
| Cumann Peile na hÉireann | 44 | 45 | 0 | 0 | 0 | 0 | **89** |
| Cumann Lúthchleas Gael | 48 | 108 | 20 | 0 | 0 | 40 | **216** |
| Aontas Gailf na hÉireann | 11 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **11** |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | 5 | 18 | 5 | 0 | 0 | 0 | **28** |
| Cumann Haca na hÉireann | 0 | 20 | 0 | 0 | 0 | 0 | **20** |
| Eachspórt Éireann | 20 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **20** |
| Cumann Coraíochta Amaitéarach na hÉireann | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | **8** |
| Cumann Júdó na hÉireann | 4 | 9 | 3 | 0 | 0 | 4 | **20** |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | 8 | 144 | 64 | 0 | 0 | 16 | **232** |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | **2** |
| Cumann Pheil na mBan | 12 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | **16** |
| Gluaisrothaíocht Éireann | 17 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **17** |
| Rásaíocht Mótair Éireann | 20 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **20** |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | 0 | 39 | 2 | 16 | 0 | 0 | **57** |
| Rámhaíocht Éireann | 8 | 95 | 7 | 92 | 0 | 0 | **202** |
| Scuais Éireann | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| Cumann Snámha na hÉireann | 18 | 48 | 6 | 43 | 3 | 4 | **122** |
| Taecuando Éireann | 5 | 8 | 1 | 0 | 0 | 4 | **18** |
| Cumann Leadóige na hÉireann | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **5** |
| Cumann na Camógaíochta | 12 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **12** |
| Trí-Atlan Éireann | 14 | 26 | 3 | 24 | 0 | 0 | **67** |
| Tarraingt Téide na hÉireann | 8 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | **12** |
| Cumann Tógála Meáchan na hÉireann | 12 | 7 | 0 | 0 | 0 | 7 | **26** |
| **IOMLÁN** | **407** | **813** | **169** | **327** | **4** | **107** | **1827** |

## Tástáil as a nÍocann an tÚsáideoir

Déanann Spórt Éireann tástáil faoin gClár Tástála as a nÍocann an tÚsáideoir, ina n-íocann eagraíochtaí spóirt eile – Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt, Cónaidhmeanna Idirnáisiúnta nó Eagraíochtaí Frithdhópála eile - as an tástáil. In 2025, bailíodh 225 sampla faoin gclár seo – 187 shampla fuail, 28 shampla fola, 6 shampla PBL fola agus 4 sampla FST.

### Tábla 7 - Tástáil as a nÍocann an tÚsáideoir

| COISTE NÁISIÚNTA RIALAITHE/ CÓNAIDHM IDIRNÁISIÚNTA | FUAL LLC | FUAL TAC | PBL FOLA | SÉIREAM FOLA | FST | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Frithdhópáil na Sualainne | 0 | 2 | 1 | 0 | 0 | **3** |
| Fédération Equestre Internationale | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** |
| Fédération Internationale d'Escrime | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | **2** |
| Cónaidhm Idirnáisiúnta Tréantógála Meáchan | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | **2** |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | 24 | 0 | 0 | 0 | 0 | **24** |
| Sport Integrity Commission New Zealand | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** |
| Union Cycliste Internationale | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** |
| Aonad Frithdhópála na Ríochta Aontaithe | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| Uiscíocht Dhomhanda | 0 | 8 | 5 | 0 | 0 | **13** |
| Lúthchleasaíocht Dhomhanda | 40 | 0 | 0 | 0 | 0 | **40** |
| Rugbaí Domhanda | 32 | 70 | 0 | 28 | 4 | **134** |
| **IOMLÁN** | **100** | **87** | **6** | **28** | **4** | **225** |

### Tábla 8 - Mainneachtain SCT faoi cá háit a raibh siad de réir ráithe

| | Mainneachtain i leith Comhdú | Tástálacha a Cailleadh |
|---|---|---|
| **Ráithe 1** | **0** | **0** |
| | | |
| **Ráithe 2** | **0** | **2** |
| | | Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann: 1 |
| | | Rámhaíocht Éireann: 1 |
| **Ráithe 3** | **0** | **4** |
| | | Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann: 1 |
| | | Rothaíocht Éireann: 1 |
| | | Rámhaíocht Éireann: 1 |
| | | Taecuando Éireann: 1 |
| **Ráithe 4** | **0** | **3** |
| | | Aontas Canúála na hÉireann: 1 |
| | | Rothaíocht Éireann: 2 |

**Tábla 9 - Iarrachtaí CNR nár éirigh leo**

| CNR | Iarrachtaí Nár Éirigh Leo |
|---|---|
| Cumann Lúthchleas Gael | 5 |
| Cumann Peile na hÉireann | 4 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann (IRFU) | 1 |
| Cumann Haca na hÉireann | 0 |

**Mainneachtain i leith Comhdú:** Mainneachtain ag lúthchleasaí i leith comhdú cruinn agus iomlán a dhéanamh faoi Cá hÁit a bhfuil an Lúthchleasaí, a fhágann gur féidir teacht ar an Lúthchleasaí chun é/í a Thástáil.

**Tástáil Chaillte:** Mainneachtain ag lúthchleasaí a bheith ar fáil lena Thástáil nó lena Tástáil ag an áit agus am a shonraítear sa sliotán ama 60 nóiméad a sainaithnítear sa Chomhdú faoi Cá hÁit a bhfuil an Lúthchleasaí.

**Mainneachtain ó thaobh an Áit a bhfuil an Lúthchleasaí:** Mainneachtain i leith Comhdú nó Tástáil Chaillte.

## Oiliúint do Phearsanra Bailithe Samplaí (PBS)

Tionóladh na laethanta bliantúla oiliúna agus athchreidiúnaithe do Phearsanra Bailithe Samplaí an 15 Samhain agus an 15 Nollaig 2025. D'fhreastail 47 Pearsanra Bailithe Samplaí ar na laethanta oiliúna sin agus tugadh athchreidiúnú dóibh le haghaidh 2026.

Ba mhaith le Spórt Éireann buíochas a ghabháil leis na gairmithe díograiseacha sin a d'oibrigh go crua chun iontaofacht an spóirt a chosaint i rith 2025.

## Iniúchtaí ar Phearsanra Bailithe Samplaí ar Bhonn Allamuigh (PBS)

Rinne an AFD 7 n-iniúchadh PBS in 2025. Déantar iniúchadh ar an PBS ó thaobh scileanna cumarsáide le lúthchleasaithe agus le páirtithe leasmhara eile, bainistiú imeachtaí an mhisin tástála, agus an próiseas bailithe samplaí (e.g. fógraí, feitheoireacht agus páipéarachas a bhaineann le rialú dópála a phróiseas). Níor tháinig aon cheist mhór chun cinn leis na hiniúchtaí allamuigh sin.

## Iniúchadh ISO

Rinneadh an t-iniúchadh faireachais bliantúil le haghaidh deimhniú ISO 9001:2015 don AFD an 4 Nollaig 2025. Amtivo, iniúchóirí seachtracha an Aonaid Frithdhópála, a rinne an t-iniúchadh sin. Ní bhfuarthas aon torthaí ná ní dhearnadh aon mholtaí.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Chuir KOSI Corporation tús leis an iniúchadh bliantúil inmheánach an 18 agus an 20 Samhain. Fuarthas 2 mhiontoradh. Tháinig KOSI ar an gconclúid gur féidir a bheith lán-mhuiníneach as an gcaoi a mbainistítear an AFD go hinmheánach i Spórt Éireann.

## Córas Bainistíochta Sonraí an AFD - Tionscadal Uasghrádaithe SIMON

Is é SIMON an bunachar sonraí TF a úsáideann an AFD chun an clár tástála a bhainistiú. Chun cur le próisis agus éifeachtúlacht a fheabhsú, chuaigh Spórt Éireann i gcomhar leis na hEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála (ENFDanna) i gCeanada, san Eilvéis agus sa tSualainn agus le VisionBox (forbróir bogearraí) chun córas gréasánbhunaithe a fhorbairt le cur in áit SIMON. Is é a bhí i gceist leis an tionscadal, ar cuireadh tús leis in 2021, ná ceithre bliana de fhréamhshamhaltú, tástáil, athbhreithniú agus aiseolas a chur ar fáil, lena chinntiú go gcomhlíonfadh an córas nua riachtanais shonracha an AFD.

An 29 Eanáir 2025, cuireadh an bunachar sonraí nua chun feidhme san AFD. Tá an SIMON uasghrádaithe tar éis próisis a bharrfheabhsú agus nuashonruithe digiteacha a thabhairt isteach. Feabhsú tábhachtach is ea gur féidir leis an bPearsanra Bailithe Samplaí (PBS) a gcuid sonrasc a chur isteach go leictreonach. Leis an aistriú go digiteach sin, cuirtear feabhas ar éifeachtúlacht agus laghdaítear an obair láimhe. Tríd is tríd, déanann SIMON tascanna riaracháin níos simplí agus cuireann le táirgiúlacht. Sa bhreis air sin, ó seoladh SIMON, tá aiseolas dearfach ina leith faighte ó bhaill foirne an AFD agus PBS, agus iad ag lua a éifeachtaí agus a éasca le húsáid atá sé.

## Aonad Tástála Soghluaiste Nua

Neartaigh an AFD a chumais ar bhonn allamuigh nuair a ceannaíodh aonad tástála soghluaiste nua i mí Lúnasa 2025, tar éis phróiseas cuimsitheach soláthair. Tá an fheithicil cosúil le veain champála beag agus nua-aimseartha agus feistíodh í go speisialta chun tacú le samplaí a bhailiú ar bhealach éifeachtúil agus slán ag imeachtaí spóirt agus ag láithreacha traenála, i gcásanna nach bhfuil aon saoráidí oiriúnacha ar fáil.

## Oifigigh Bhailithe Fola

I mí na Bealtaine 2025, rinne Spórt Éireann cinneadh straitéiseach maidir leis an tseirbhís bhailithe fola frithdhópála, agus bhí an tseirbhís sin ar conradh ar feadh beagnach 15 bliana. Tar éis breithniú cúramach agus athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar ár riachtanais oibríochtúla, chinn Spórt Éireann feidhm na seirbhíse bailithe fola a dhéanamh go hinmheánach ag teacht le hoibríochtaí Phearsanra Bailithe Fola eile. Tá ceithre oifigeach bailithe fola ag Spórt Éireann anois agus cuireann siad seirbhísí fleibeatóime ar fáil faoin gclár tástála.





## Feidhmíocht Airgeadais

In 2025, b'ionann costas an chláir frithdhópála agus **€2,813,354.**

| Caiteachas | 2025 € |
|---|---|
| Tástáil | €1,521,202 |
| Oideachas agus Taighde | €102,259 |
| Tuarastail | €493,265 |
| Costais Eile* | €696,628 |
| **Caiteachas Iomlán** | **€2,813,354** |
| **Ioncam ó Thástáil** | **€105,147** |

* Áirítear leis sin comhairle dlí a bhain leis an gclár, táillí comhairleoireachta, taisteal agus cothabháil, fógraíocht, priontáil, árachas agus costais eile a bhain leis an gclár a riar.

# Bainistiú Torthaí agus Faisnéis agus Imscrúduithe

**4** SRFDanna FOILSITHE

**3** SRFDanna CINNEADH AR FEITHEAMH



## Sáruithe ar Rialacha Frithdhópála a foilsíodh in 2025

| Spórt | Sárú Rialach | Smachtbhanna |
|---|---|---|
| Canúáil | 2.1 & 2.2 | 3 bliana |
| Tógáil Meáchan | 2.1 & 2.2 | 3 bliana |
| Gluaisrothaíocht | 2.1 & 2.2 | 3 mhí |
| Gluaisrothaíocht | 10.10.1 | 3 mhí |

## Cásanna ar Feitheamh

| Le Linn Comórtais nó Taobh Amuigh de Chomórtas | Sárú Rialach Líomhnaithe |
|---|---|
| Taobh amuigh de chomórtas | 2.1 & 2.2 |
| Le linn Comórtais | 2.1 & 2.2 |
| Le linn Comórtais | 2.1 & 2.2 |

Airteagal 2.1 - Substaint Thoirmiscthe nó a Meitibilítí nó Comharthaí Sóirt a bheith i láthair i Sampla Lúthchleasaí.

Airteagal 2.2 - Úsáid nó Iarracht ar Úsáid Shubstaint Thoirmiscthe nó Mhodh Thoirmiscthe ag Lúthchleasaí.

Airteagal 10.10.1 – Toirmeasc in Aghaidh Rannpháirteachais Le Linn Neamh-Incháilitheachta nó Fionraíocht Shealadach.



## Faisnéis & Imscrúduithe

Tá ról lárnach ag faisnéis agus imscrúduithe i gcónaí in iarracht Spórt Éireann chun spórt glan a chosaint. Faoi Chaighdeáin Idirnáisiúnta GDFD maidir le Tástáil agus Imscrúduithe, ceanglaítear ar Spórt Éireann próisis a chur i bhfeidhm lena gcumasaítear faisnéis a bhailiú ó fhaisnéis anailíseach agus neamh-anailíseach araon. Cuirtear tús le roinnt mhaith gníomhartha Spórt Éireann arna dtreorú ag faisnéis trí leideanna a fhaightear san fheidhm Tuairiscithe Dópála ar shuíomh gréasáin Spórt Éireann.

D'fhonn a éifeachtacht leanúnach a chinntiú, déantar athbhreithniú rialta ar chumas faisnéise Spórt Éireann. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe sin, fuarthas nach raibh an ardfeidhmiúlacht atá ag na hardáin is déanaí ag an bhfeidhm Tuairiscithe Dópála ghréasáinbhunaithe atá in úsáid faoi láthair. Is féidir, dá bharr sin, nach raibh an leas is fearr is féidir á bhaint as deiseanna bailithe sonraí. Sainaithníodh córas le cur ina áit agus tar éis tréimhse taighde agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí a bhfuil an córas sin á úsáid acu, chinneamar Real Response a roghnú mar ardán nua. Cinnteoidh an infheistíocht sin go mbeidh an t-ardán tuairiscithe is déanaí a bhaineann go sonrach le tionscal an spóirt ag Spórt Éireann. Tá coinne leis go mbeidh an t-ardán nua faoi lánseol sa chéad ráithe de 2026.

Chun malartú faisnéise slán a éascú, tá caidrimh ag an AFD le comhpháirtithe iontaofa náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is codanna riachtanacha de chlár faisnéise Spórt Éireann iad Meabhráin Tuisceana (MTanna) agus comhaontuithe comhroinnte sonraí. Éascaíonn na socruithe comhaontaithe sin malartú faisnéise slán agus éifeachtach agus cinntítear ag an am céanna go gcomhlíontar ceanglais ábhartha rialála agus dlíthiúla. Tá an reachtaíocht a bhfuil comhaontuithe comhroinnte sonraí Spórt Éireann bunaithe orthu san Acht um Spórt Éireann, 2015. Tá Meabhráin Tuisceana ar bun ag Spórt Éireann leis an nGarda Síochána, le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte. Beag beann ar an áit as a dtagann sí, caitear leis an bhfaisnéis go léir a fhaightear ar bhealach rúnda agus slán, i gcomhréir le dea-chleachtas.

Déantar ionadaíocht ar Spórt Éireann i Líonra Faisnéise agus Imscrúduithe Frithdhópála (LFIFD) de chuid GDFD. Is fóram domhanda thar a bheith tábhachtach é LFIFD a chomhroinneann faisnéis agus eolas faoin dea-chleachtas i bhfaisnéis agus in imscrúduithe frithdhópála. Níl comhaltas oscailte ach do rannáin chreidiúnaithe faisnéise agus imscrúduithe a bhfuil ardchumas acu ó thaobh imscrúduithe agus faisnéise. Tagann An Líonra Faisnéise ile agus Imscrúduithe Frithdhópála (LFIFD) le chéile ar an láthair gach bliain. Tionóladh cruinniú 2025, a raibh ionadaíocht ar Spórt Éireann i láthair aige, i Lausanne, san Eilvéis.



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

**Spórt Éireann**
An Clós, Campas Spórt Éireann,
Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir,
D15 PN0N, Éire
Fón: +353-1-860 8800
Ríomhphost: antidoping@sportireland.ie
**www.sportireland.ie/Anti-Doping**